



**Rang 3 & Rang 4**  
**Tíreolaíocht**



## Na Poil Thuaidh & Theas

**Sa rang tíreolaíochta inniu, d'fhéach muid ar na difríochtaí idir an Pol Thuaidh agus an Pol Theas.**

Cé go bhfuil siad ar dhá cheann an domhain, tá go leor cosúlachtaí idir an Pol Thuaidh agus an Pol Theas.

Tá an Pol Thuaidh suite ar barr an domhain, san Artach, fad is go bhfuil an Pol Theas thíos san Antartach.

Féachaimis cé mhéid a d'fhoghlaim muid inniu, mar sin.

**Ó Phol go Pol: An é an tArtach nó an tAntartach atá mar fhreagra ar na ceisteanna thíos?**



**01** Cá mbíonn béir bhána de ghnáth? \_\_\_\_\_

**02** Cá bhfuil cónaí ar phiongainí? \_\_\_\_\_

**03** Cá bhfuil an fásach is mó ar domhan? \_\_\_\_\_

**04** Cén ceann is fuaire? Nod – Lúide 89.6 an teocht is ísle ar taifead \_\_\_\_\_

**05** Taiscéalaí ó Chiarraí ab ea Tom Crean. Ach cá raibh sé i mbun taiscéalaíochta? \_\_\_\_\_



# Frithionaid

Glaotar frithionaid ar na Poil Thuaidh agus Theas chomh maith. Ciallaíonn sin, dá dtoclófá tollán samhailteach díreach tríd an domhan ón bPol Thuaidh, go dtiocfá amach an an bPol Theas.

Tá go leor frithionaid eile ann, sé sin áiteanna ar thaobhanna contrártha an domhain. Dá dtoclófá tollán samhailteach ón Nua-Shéalainn, cuir i gcás, bhainfeá an Spáinn amach!

## **An féidir leat a rá cén áiteanna eile atá ar thaobhanna contrártha an domhain?**

### **Ceist 1**

Dá dtoclófá tollán tríd an domhan ó Éirinn, cá rachfá ar deireadh?





# Frithionaid

## Ceist 2

Dá dtochlófá tollán tríd an domhan ó Bhéising, cá rachfá ar deireadh?





# Déan do Chompás Féin

## Déan do chompás féin chun an Pol Thuaidh a aimsiú

**Ag teastáil:** Cúnamh ó dhuine fásta, snáthaid fuála (orlach nó dhó ar fad), maighnéad beag nó maighnéidín cuisneoir a nó doras cuisneoir, píosa coirc (ó bhuidéal, mar shampla), babhla beag.


- 01** Beir greim ar chró na snáthaide agus cuimil í in aghaidh an mhaighnéid nó in aghaidh dhoras an chuisneora. Ná déan é ach i dtreo amháin. E.g. Cuimil an tsnáthaid anuas ina choinne. Déan é seo 30 uair.
- 02** Gearr ceathrú orlaí de bharr an choirc chun diosca beag coirc a dhéanamh.
- 03** Cuir uisce sa bhabhla beag go mbeidh sé leathlán.
- 04** Cuir an tsnáthaid mhaighnéadaithe ar an diosca coirc agus cuir sa bhabhla é. Ba cheart go mbogfaidh an tsnáthaid i dtreo an phoil mhaighnéadaigh is cóngaraí, in Éirinn sin é an Pol Thuaidh.






# Freagraí

01



02



**Ó Phol go Pol Freagraí:** 1. Tá cónaí ar bheir bhána san Arctach. Sin an fáth nach n-ithéann siad piongainí! 2. Níl piongainí ar fáil ach sa leathsféar theas. Tá 18 gcineál piongaine ann, agus tá cónaí ar 5 díobh siúd san Antartach. 3. Is é an tAntartach an fásach is mó ar domhan. Is ionann fásach agus áit nach bhfásann mórán agus nach mbíonn mórán báistí ann. 4. Tá an tAntartach i bhfad níos fuaire ná an tArtach. 5. San Antartach a bhain Tom Crean cliú agus cáil amach! Chaith sé 492 lá ag imeacht le sruth leac oighir san Antartach nuair a chuaigh a bhad faoi!

**Ceisteanna na bhFrithionad:** See the maps on this page. 1. San Aigéan Ciúin, áit a bhfuil an marcóir oráiste! Léiríonn an marcóir corcora an tír is cóngaraí, sin í an Nua-Shéalainn. 2. Ar an taobh eile ó Bhéising, tá an Airgintín i Meiriceá Theas!